



Freagraí Chathaoirleach Bhord Stiúrtha CERT-EU, CERT-EU agus ENISA ar thuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cibearshlándáil institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh

1. Achoimre Fheidhmeach

I bhfianaise thimpeallacht na bagartha cibearshlándála atá ag síorathrú, tá an chibearshlándáil thar a bheith tábhachtach agus criticiúil do EUIBAnna, a bhfuil cibirionsaithe ardsfoaisticiúla dírithe orthu le blianta beaga anuas. Faoi chuimsiú a sainorduithe, is féidir le ENISA agus CERT-EU araon tacaíocht luachmhar a chur ar fáil do EUIBAnna maidir leis an gcibearshlándáil ar leibhéal éagsúla. Tá an togra le haghaidh Rialachán ón gCoimisiún Eorpach maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ag institiúidí, comhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais ina phríomhionstraim sa chomhthéacs seo, ar ionstraim í a dtacaíonn ENISA, CERT-EU agus Cathaoirleach Bhord Stiúrtha CERT-EU go láidir léi.

Chuige sin, cuireann ENISA, CERT-EU agus Cathaoirleach Bhord Stiúrtha CERT-EU fáilte roimh thuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cibearshlándáil institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, rud atá tráthúil chun aghaidh a thabhairt ar leibhéal ullmhachta EUIBAnna ina n-iomláine. Tugtar le fios go soiléir sa tuarascáil na ról lárnacha is féidir le ENISA agus CERT-EU a imirt sa réimse sin. Leagtar amach ann freisin na riachtanais le haghaidh tuilleadh acmhainní agus gníomhaíochtaí nithiúla atá dírithe go sonrach ar sheasamh cibearshlándála na EUIBAnna a fheabhsú.

Leis an tuiscint sin, tacaíonn ENISA, CERT-EU agus Cathaoirleach Bhord Stiúrtha CERT-EU le príomhbharúlacha agus príomh-mholtaí na tuarascála, atá i gcomhréir freisin le tograí reachtacha an Choimisiúin Eorpaigh i réimsí na cibearshlándála agus na slándála faisnéise do EUIBAnna.

Is é is aidhm do na barúlacha sa chéad chuid eile soiléiriú breise a thabhairt ar réimsí áirithe den tuarascáil, go háirithe i dtaca leis an obair ábhartha atá déanta cheana ag ENISA agus/nó CERT-EU, chomh maith leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag ENISA agus/nó CERT-EU, go háirithe i réimsí na forbartha acmhainní do EUIBAnna. Maidir leis na moltaí, glacann ENISA agus CERT-EU le Moladh 3 (Fócas CERT-AE agus ENISA ar EUIBAnna nach bhfuil chomh forbartha sin a mhéadú), atá dírithe go sonrach ar an dá eintiteas sin.



2. Na príomhbharúlacha

Tacaíonn ENISA agus CERT-EU leis na príomhbharúlacha arna ndéanamh ag an gCúirt Iníúcháirí. Mar sin féin, cuirtear roinnt soiléirithe breise ar fáil thíos, go háirithe i ndáil leis na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag ENISA agus/nó ag CERT-EU cheana féin, chomh maith le pleananna atá bunaithe cheana féin le haghaidh gníomhaíochtaí a bheidh ann amach anseo.

Mír 49

Maidir leis an iarraidh fhoirmiúil ó ICTAC chuig Cathaoirleach Bhord Stiúrtha CERT-EU ar chearta vótála ar an mbord, ba mhaith linn an méid seo a leanas a shoiléiriú:

I bhfianaise an fhorchostais shuntasaigh a bheadh i gceist leis an athbheithniú ar an gComhaontú Idirinstitiúideach atá ann faoi láthair agus toisc gur tugadh aghaidh cheana féin ar ionadaíocht na ngníomhaireachtaí díláraithe leis na hoibreacha leanúnacha ar an “Rialachán maidir le bearta le haghaidh leibhéal ard coiteann cibearshlándála ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais”, comhaontaíodh an cheist a réiteach go foirmiúil, san fhadtéarma, leis an rialachán. Go dtí sin, mar a dhearbhaigh an Cathaoirleach, leanfar na cleachtais reatha ar aghaidh agus beidh fáilte roimh ionadaithe ICTAC fós a gcuid tuairimí a chur in iúl agus a dtuairimí a chur san áireamh, a mhéid is féidir agus i ngach gné den chothroime.

Mír 66

Ag deireadh na bliana 2021, bhunaigh ENISA plean gníomhaíochta do chibearchleachtaí, lena n-áirítear EUIBanna go sonrath. Cuirfear plean gníomhaíochta ábhartha maidir le hoiliúint do EUIBanna ar fáil i R1 2022.

Bosca 3

Cé nach luaitear go sainráite iad mar aschur oibríochtúil, tá tacaíocht oibríochtúil á cur ar fáil ag ENISA do EUIBanna éagsúla agus tá comhoibriú déanta aige leis bunaithe ar a n-iarraitaí. Mar shampla, in 2018, faoi Chuspóir 2.2. Tacú le cur chun feidhme bheartas an Aontais Eorpaigh:

- D’iarr an Banc Ceannais Eorpach tacaíocht le haghaidh creat tástála foirne dearga an



Eurochórais a fhorbairt.

- D'iarr Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh tacaíocht chun cuspóirí an Lárionaid Eorpaigh um Chibearshlándáil san Eitlíocht a fhorbairt, feasacht ar chibearshlándáil a ardú agus cur chun feidhme earnálach na Treorach maidir le slándáil gréasán agus faisnéise.
- D'iarr Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh tacaíocht i gcur chun feidhme NISD don earnáil iarnróid, go háirithe tacaíocht maidir le lárionad earnálach comhroinnte faisnéise agus anailíse (ISAC) a fhorbairt do bhainisteoirí bonneagair agus do ghnóthais iarnróid, chomh maith le fothú acmhainní (oiliúint agus seisiúin ardaithe feasachta a eagrú).
- Thacaigh ENISA le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais mhórsála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) ina chuid iarrachtaí feabhas a chur ar a inniúlacht sa chibearshlándáil agus i leanúnachas gnó. Go háirithe, chuir ENISA a saineolas ar fáil maidir le cleachtaí a eagrú agus maidir le forbairt cásanna, chomh maith le CETP ENISA atá forbartha go hiomlán a thairiscint do eu-LISA chun cleachtadh ullmhachta a eagrú le haghaidh ceann de chórais TF rithábhachtacha an Aontais Eorpaigh.

Sa bhreis air sin, ó 2019 i leith, tá ENISA ag plé go gníomhach le EUIBanna (e.g., ERA, EMSA, EASA, ACER), chun tacú leis an Treoir maidir le slándáil gréasán agus faisnéise, maidir le forbairt eolais earnáil-sonrach agus maidir le gníomhaíochtaí múscailte feasachta i ndáil leis an gcibearshlándáil, chomh maith le tionscnaimh bheartais ghaolmhara earnálacha i ndáil leis an gcibearshlándáil.

Mír 71

In 2021 d'fhorbair ENISA sainoiliúint maidir le "Conas Clár Feasachta a Thógáil agus Cleachtaí Boird á nÚsáid" a bheidh dírithe go sonrach ar EUIBanna, agus déanfar í a eisiúint in 2022. I gcomhthéacs an chomhair struchtúrtha, cuirfidh ENISA agus CERT-EU oiliúint chomhpháirteach ar fáil freisin do EUIBanna in 2022.



Mír 72

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil raon feidhme leathan ag cleachtaí cibearshlándála ENISA agus go bhfuil spriocphobal leathan acu, lena n-áirítear EUIBAnna freisin. Comhfhreagraíonn an cur chuige seo le haghaidh a thabhairt freisin ar riachtanais EUIBAnna, ós rud é gur féidir le EUIBAnna leas mór a bhaint as na cleachtaí sin i gcomhar le hionadaithe na mBallstát. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil páirt á tabhairt ag ENISA d'fhoireann theicniúil EUIBA i gCleachtaí Cyber Europe ó 2016 i leith, faoi threoir CERT-EU, atá ina pleanálaí tiomnaithe don toghlach sin. Ag leanúint leis na hiarrachtaí sin, tá sé beartaithe ag ENISA ina Straitéis Chleachtaidh 2022 faoi Ghníomhartha um Fhorbairt Acmhainne táirge nua cleachtaidh a chur chun cinn a chuirfear ar fáil le tacaíocht ó CERT EU, chun deiseanna a thabhairt do EUIBAnna oiliúint a fháil i gCleachtaí Féinmheastóireachta.

3. Conclúidí agus moltaí

Glacann ENISA agus CERT-EU le Moladh 3 (Méadú a dhéanamh ar CERT-AE agus ar an bhfócas atá ag ENISA ar EUIBAnna nach bhfuil chomh forbartha sin), atá dírithe go sonrach ar an dá eintiteas sin.